# Tionscnamh na mBailte Stairiúla 2025

## Eolas d'Údaráis Áitiúla agus Glao ar Iarratais

**Ceardlann Eolais** 9.30 r.n. Déardaoin an 16 Eanáir 2025 **Cláraigh anseo**




An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

# Clár na nÁbhar


| | LEATHANACH |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Athnuachan faoi threoir Oidhreachta | 2 |
| Tionscnamh na mBailte Stairiúla (TBS) 2025 | 2 |
| Maoiniú atá ar Fáil | 3 |
| Feidhmiú an TBS 2025 | 3 |
| Próiseas Iarratais do TBS 2025 | 4 |
| Critéir Mheasúnaithe | 4 |
| Cad iad na Bailte atá Incháilithe? | 5 |
| Cad iad na hOibreacha atá Incháilithe? | 5 |
| Conas Iarratas A Dhéanamh | 5 |
| Cad a Tharlóidh Ansin? | 6 |
| Aisghabháil Maoiniú Deontais | 6 |
| Riachtanas Maoinithe Meaitseála | 6 |
| Acmhainní Úsáideacha | 7 |

## Réamhrá

Is áiteanna stairiúla a bhfuil a bhféiniúlacht leithleach féin acu iad an-chuid dár lárionaid chathrach, bhailte agus sráidbhailte. Is é atá sna lárionaid seo a chothabháil ná próiseas casta a bhfuil i gceist leis ina lán cásanna na foirgnimh atá ann cheana a chaomhnú agus a athúsáid, aire a thabhairt do spásanna poiblí agus saoráidí pobail a sholáthar. Is é an toradh atá ar an oidhreacht sin a chaomhnú agus a léirmhíniú ná go ndéantar áiteanna atá spéisiúil, uathúil agus tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí dár mbailte.

Chun tacú le *Lár an Bhaile ar dTús: cur chuige beartais do bhailte na hÉireann (2022)*, is gnóthas comhpháirteach de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na Comhairle Oidhreachta é Tionscnamh na mBailte Stairiúla (TBS) a bhfuil sé mar aidhm aige athnuachan bhailte stairiúla na hÉireann atá faoi stiúir na hoidhreachta a chur chun cinn.

Leagtar amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 treoirchlár le haghaidh aistriú na hÉireann chuig geilleagar a bheidh athsheasmhach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, agus neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050. Ciallaíonn an t-athrú chuig todhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de go bhfuil níos mó tábhachta ag baint le caomhnú agus le hathchóiriú an stoic foirgneamh stairiúil atá ann cheana féin. Cuimsítear i bhfoirgnimh atá ann cheana féin fuinneamh corpraithe a chaillfear má scartáiltear iad; agus ríomhadh go dtógann sé lear blianta chun téarnamh ó na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as foirgneamh a scartáil agus as foirgneamh nua a chur ina áit.

Gealltar i straitéis an rialtais *Tithíocht do Chách (2021)* go gcoigeartófar ***'tionscnamh [na mBailte Stairiúla] chun úinéirí príobháideacha agus/nó áititheoirí a spreagadh chun achar urláir folamh i bhfoirgnimh stairiúla a thabhairt ar ais chun úsáide arís agus díreofar go háirithe ar thionscadail a thugann aghaidh ar dhearóiliú agus foilmhe, faoi réir dul tríd an bpróiseas pleanála de réir mar is gá.'***

Tá buntáistí breise ag baint le húsáid inbhuanaithe fhoirgnimh stairiúla inár mbailte maidir le cur le caighdeán na beatha do chách trí chomaitéireacht laghdaithe a thairiscint toisc gur gnách go mbíonn na foirgnimh seo níos gaire do thaitneamhachtaí agus do sheirbhísí. Ar bhealach níos dírí fós, bíonn tionchair an athraithe aeráide ar ár n-oidhreacht thógtha ag éirí níos sofheicthe i gcónaí agus ba chóir iad a chur san áireamh in aon tograí faoin TBS. D'fhéadfadh tionchair láithreacha agus carnacha araon a bheith i gceist leis na tionchair sin – rud a fhágann gur dóigh go dtiocfaidh méadú ar an damáiste ó imeachtaí tubaisteacha mar thuilte agus stoirmeacha ag an am céanna a thiocfaidh athruithe chun cinn go mall i bpróisis mheathlúcháin. Bíonn an oidhreacht thógtha leochaileach i leith mí-oiriúnaithe freisin, is é atá i gceist leis sin ná caillteanas nó damáiste gan chuimhneamh do struchtúir agus láithreáin le linn oibreacha oiriúnaithe. Mar gheall ar shíonchaitheamh méadaithe agus imeachtaí crua aeráide, is dócha go n-éireoidh an timthriall deisiúcháin ar oidhreacht thógtha ár mbailte níos giorra. Beidh cothabháil agus deisiú méadaithe ríthábhachtach chun athsheasmhacht a fhorbairt inár bhfoirgnimh agus bailte stairiúla le cur ar a gcumas éifeachtaí timpeallachta atá ag athrú a sheasamh.

Tá an TBS i bhfeidhm ó 2018 agus go dtí seo tá tacaíocht tugtha aige do thionscadail athnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta sna bailte seo a leanas: Eochaill, Beanntraí, Mainistir na Corann, An Pasáiste agus Maigh Chromtha, Co Chorcaí; Ceanannas, An Uaimh agus Damhliag, Co na Mí; Carraigh na Siúire, An tAonach agus baile Thiobraid Árann, Co Thiobraid Árann; Port Laoise, Co Laoise; Cill Mocheallóg, Co Luimnigh; Béal an Átha agus Baile an Róba, Co Mhaigh Eo; Béal na mBuillí, baile Ros Comáin agus Mainistir na Búille, Co Ros Comáin; Lios Dúin Bhearna agus Cill Rois, Co an Chláir; Callainn, Co Chill Chainnigh; baile Shligigh, Co Shligigh; Leitir Ceanainn, Ráth Mealtain, Na Gleannta, agus Béal Átha Seanaidh, Co Dhún na nGall; Cluain Eois agus baile Mhuineacháin, Co Mhuineacháin; Trá Mhór, Co Phort Láirge; Lios Tuathail, Trá Lí agus Oileán Ciarraí, Co Chiarraí; Inis Córthaidh agus baile Loch Garman, Co Loch Garman; Biorra, Co Uíbh Fhailí; An Nás, Co Chill Dara; baile Cheatharlach, Co Cheatharlach

Bunaithe ar eispéiris an chláir i 2018-24 leanfaidh an clár náisiúnta seo i 2025 arna riar

ag an gComhairle Oidhreachta. Dámhfaidh Tionscnamh na mBailte Stairiúla suas le **€2 milliún san iomlán** ar bhonn iomaíoch ar roinnt bailte stairiúla le haghaidh tionscadail athnuachana uirbí atá faoi stiúir na hoidhreachta sa bhliain 2025.

## Athnuachan atá Faoi Stiúir na hOidhreachta

D'fhorbair treoirchlár TBS cur chuige creata i leith baile a athnuachan ar bhonn phrionsabail na hathnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta. Tá an creat seo agus athbhreithniú ar threoirchlár TBS ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta **anseo**.

I measc na gcéimeanna sa chreat tá iniúchadh ar charachtar agus ar fhéiniúlacht an bhaile, tacaíocht a chothú i measc mhuintir na háite, na dúshláin agus na deiseanna a shainaithint, fís a fhorbairt do thodhchaí an bhaile, rud a mbeadh plean gníomhaíochta mar thaca aige, agus na gníomhartha sin a dhéanamh. Is foinse úsáideach eolais iad an creat agus an t-athbhreithniú d'údaráis áitiúla atá ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi TBS 2025.

Braitheann an TBS ar láidreacht na bpobal agus na ngnólachtaí áitiúla chun a mbaile stairiúil a athnuachan, le tacaíocht ón rialtas áitiúil agus náisiúnta agus ó ghníomhaireachtaí eile atá tiomanta do chaighdeán na beatha a fheabhsú don bhaile. Tá samplaí de ghníomhaíochtaí i mbailte eile le fáil sna naisc ar líne ag deireadh an doiciméid seo.

## Tionscnamh na mBailte Stairiúla 2025

Tá sé mar aidhm ag Tionscnamh na mBailte Stairiúla 2025 tacaíocht a chur ar fáil do bhailte stairiúla atá páirteach i gclár athnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta. Sa bhliain 2025 tá suim againn i dtionscadail a thugann aghaidh ar fhoirgnimh chónaithe folmha agus ar dhearóiliú i lár bailte, a bhfuil sé i gceist acu struchtúir stairiúla a athúsáid agus a fhéadfaidh feidhmiú mar eiseamláir do thionscadail amach anseo. Leanfaimid ar aghaidh le dhá Shruth maoinithe do TBS 2025.

Faoi **Shruth 1** i mbliana táimid ag lorg tograí le haghaidh oibreacha caipitil chun oidhreacht an bhaile a dheisiú agus a fheabhsú trí thionscadail athnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta atá deartha agus curtha i bhfeidhm ag údaráis áitiúla, tionscadail a spreagann úinéirí príobháideacha agus nó/ áititheoirí infheistíocht a dhéanamh in oibreacha agus deisiúcháin atá cuí agus faoi stiúir an chaomhantais, tionscadail a thugann aghaidh ar dhearóiliú agus ar fhoirgnimh chónaithe fholmha, ar chaomhnú foirgneamh sainchomhartha, ar thionscadail caomhnaithe sráid-dreacha, agus ar oibreacha ríochta poiblí atá faoi stiúir an chaomhantais a spreagann infheistíocht ó fhoinsí eile. Chomh maith leis sin, lorgaítear tionscadail a oibríonn laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) agus a chuirfidh an t-ainmniú seo chun cinn. Ní mór d'iarratais a thaispeáint conas a chothóidh siad athsheasmhacht i dtimpeallacht thógtha stairiúil an bhaile chun go mbeidh sí in ann éifeachtaí an athraithe aeráide a sheasamh. Tá maoiniú meaitseála de 20% ag teastáil ón údarás áitiúil nó úinéirí faoi Shruth 1.

Mar atá leagtha amach sa bheartas *Tithíocht do Chách (2021)* tá suim ar leith againn i dtograí chun achar urláir folamh nó tearcúsáidte i bhfoirgnimh stairiúla a thabhairt ar ais chun úsáide cónaithe. Féadfar deontais a thugann aghaidh go sonrach ar athúsáid chónaithe trí spreagadh a thabhairt d'úinéirí príobháideacha agus/nó áititheoirí chun infheistiú in oibreacha agus deisiúcháin atá cuí agus faoi stiúir an chaomhantais, agus chun achar urláir folamh i bhfoirgnimh stairiúla a thabhairt ar ais chun úsáide chónaithe, a chéimniú thar dhá bhliain, is é sin, 2025 agus 2026, faoi réir uasdámhachtain de **€350,000** san iomlán in aghaidh an bhaile.

Ba chóir d'iarrthóirí rathúla a Litir Thairisceana a sheiceáil le haghaidh sonraí faoin gcaoi a chaithfear maoiniú a chaitheamh thar an dá bhliain, nuair is cuí. Áireofar sa litir seo coinníollacha conarthacha, soláthair agus rialachais.

Faoi **Shruth 2** tacóimid le hiarratais chun plean athnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta (féach thuas le do thoil chun sonraí a fháil faoin gcreat TBS) ina scrúdófar oidhreacht reatha bhaile agus ina chinnfear cad iad na hidirghabhálacha atá dírithe ar an gcaomhantas atá ag teastáil. Ba chóir don phlean a eascróidh

as sin eolas a chur ar fáil ar deireadh thiar d'iarratais ar dheontais amach anseo. Faoi Shruth 2 dámhfaimid suas le €50,000 in aghaidh an bhaile do phleananna athnuachana a bheidh faoi stiúir na hoidhreachta. Tá maoiniú meaitseála de 20% ag teastáil ón údarás áitiúil faoi Shruth 2. Féadfaidh údaráis áitiúla iarratas a dhéanamh ar níos mó ná tionscadal amháin de chuid Shruth 1 agus Shruth 2.

## An Maoiniú atá ar Fáil

Tá ciste iomlán de €2 milliún (maoiniú caipitil) ar fáil d'údaráis áitiúla faoi TBS 2025. Beidh íos-ranníocaíocht meaitseála de 20% ag teastáil (féach thíos le do thoil). Cuirfear méid na n-acmhainní meaitseála san áireamh agus iarratais á measúnú.

## Oibriú TBS 2025

- Is í an Chomhairle Oidhreachta a riarfaidh TBS 2025, de réir chomhairle ó Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta TBS.
- Féadfaidh gach údarás áitiúil iarratas a dhéanamh ar thionscadail Shruth 1 agus Shruth 2 ar mhaoiniú faoi TBS 2025 do bhailte stairiúla ina limistéar feidhme. Ní ghlacfar le hiarratais ach ó údaráis áitiúla amháin. Murab ionann agus blianta roimhe seo níl aon teorainn ar líon na n-iarratas in aghaidh an limistéir údaráis áitiúil.
- Tá sé i gceist ag an gclár tacú le líon beag bailte i 2025. Leithdháilfear maoiniú ar bhonn iomaíoch, de réir na gcritéar measúnaithe atá leagtha amach thíos. Ní bheifear in ann tacú le gach iarratas sa bhabhta seo.
- Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Náisiúnta TBS measúnú ar iarratais agus déanfaidh sé moltaí do Bhord na Comhairle Oidhreachta maidir le maoiniú faoin gclár.
- I gcás Shruth 1, tabharfar tosaíocht d'iarratais atá 'faoi stiúir plean', is é sin, atá ar aon dul le Plean Bainistíochta TBS bunaithe ar chreat TBS, nó Plean Caomhantais, nó Plean Ríochta Poiblí, gníomhartha caomhantais a shainaithnítear i bPlean Lár an Bhaile ar dTús, nó gníomhartha incháilithe ó Phlean Seiceála Sláinte Lár an Bhaile, nó a chomhionann.
- Táthar ag súil go n-oibreoidh údaráis áitiúla le raon comhpháirtithe chun tionscadail Shruth 1 nó 2 TBS 2025 a sholáthar agus ba cheart fianaise ar chomhpháirtíochtaí den sórt sin, m.sh., litreacha tacaíochta, a chur san áireamh le haon iarratas.
- Táimid ag spreagadh na n-údarás áitiúil chun dul i gcomhpháirtíocht le húinéirí foirgneamh stairiúla agus le grúpaí seachbhrabúsacha a bhfuil foirgnimh stairiúla ina seilbh acu ar gá iad a chaomhnú.
- Beidh maoiniú de thart ar €150,000-€350,000 do gach baile rathúil i Sruth 1, ag brath ar na tionscadail atá beartaithe. Ba chóir go léireodh iarratais scála an mhaoinithe dóchúil a bheidh ar fáil agus ba chóir go mbeifí in ann na gníomhartha sainaitheanta a bhaint amach laistigh den tréimhse ama maoinithe leithdháilte, is é sin, sa bhliain 2025. Féadfaidh iarratais faoi Shruth 1 a thugann aghaidh go sonrach ar fhoirgnimh chónaithe fholmha de réir *Tithíocht do Chách* caiteachas thar an tréimhse 2025-2026 a réamh-mheas, agus ba chóir go leagfadh iarratais dá leithéid é seo amach go soiléir.
- Ba chóir go léireodh tionscadail a mhaoinítear faoi TBS rannpháirtíocht láidir phoiblí. Ba chóir na meáin shóisialta a úsáid chun imeachtaí a chur chun cinn ina dtugtar cuireadh do dhaoine den phobal chun foghlaim faoin tionscadal, agus, más féidir, chun páirt a ghlacadh ann. Ar na samplaí de bhealaí a bhféadfaí é seo a dhéanamh tá taispeántais, oiliúint i scileanna traidisiúnta, bainistíocht pobail nó bainistíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha, nó grúpaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann nó chun a n-oidhreacht a roinnt. Táthar ag súil go reáchtálfaidh bailte rathúla imeacht faoina dtionscadail le linn Sheachtain na hOidhreachta 2025.

## An Próiseas Iarratais do TBS 2025

Tugtar cuireadh do gach údarás áitiúil iarratas a dhéanamh maidir le bailte stairiúla ina limistéar feidhme ina bhfuil clár de thionscadail oiriúnacha athnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta (Sruth 1) nó an gá atá le plean athnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta (Sruth 2) sainaitheanta ag an údarás áitiúil, ag obair le foireann comhpháirtíochta baile nó grúpa stiúrtha áitiúil.

Ba chóir an méid seo a leagan amach go gonta in iarratais:

- tábhacht an bhaile agus a hoidhreachta
- aon bheartais iomchuí agus aon chuspóirí iomchuí don bhaile sa Phlean Forbartha Contae, Plean Ceantair Áitiúil srl
- cuntas teiste an bhaile go dtí seo maidir le hathnuachan atá faoi stiúir na hoidhreachta, amhail Oifigeach Caomhantais Ailtireachta agus/nó Oifigeach Oidhreachta sa limistéar údarás áitiúil a bhfuil an baile lonnaithe ann a bheith páirteach ann
- an fhís don bhaile, mar atá leagtha amach in aon phlean bainistíochta ábhartha, aon phlean caomhantais ábhartha, i bPlean Lár an Bhaile ar dTús, i bplean ríochta poiblí, srl.
- an tionscadal/na tionscadail a mhaoineofaí faoin TBS agus conas a chuirfidís seo le hathnuachan faoi stiúir na hoidhreachta laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) agus/nó laistigh den bhaile i gcoitinne
- sonraí an tionscadail atá i gceist, m.sh., sonraíocht, costáil srl.,
- comhpháirtíochtaí chun an tionscadal/na tionscadail TBS a sholáthar lena n-áirítear aon litreacha tacaíochta, srl.
- méid an mhaoinithe meaitseála agus na ranníocaíochta comhchineáil atá beartaithe
- ceannaireacht, is é sin, comhordaitheoir ainmnithe laistigh den údarás áitiúil atá freagrach as soláthar rathúil an chláir

## Critéir Mheasúnaithe

Buntáiste ar leith a bheidh i gcuntas teiste intaispeána ar aire thabhairt do thimpeallacht stairiúil an bhaile. Ba chóir go dtacódh oibreacha le cruthú áiteanna bríomhara agus tarraingteacha ina mbeidh daoine ag iarraidh cónaí agus oibriú iontu, cuairt a thabhairt orthu agus infheistiú iontu. Ba chóir go spreagfadh oibreacha caomhantais sa chroílár uirbeach stairiúil muinín na hearnála príobháidí agus an phobail. Scórálfar iarratais faoi na critéir seo a leanas:

- A mhéid a dhéanfaidh úinéirí príobháideacha agus/nó áititheoirí nó grúpaí pobail achar urláir folamh nó tearcúsáidte i bhfoirgnimh stairiúla a thabhairt isteach chun úsáide (úsáid chónaithe go háirithe) agus a mhéid a thabharfaidh siad aghaidh ar dhearóiliú agus ar fhoirgnimh fholmha **(30%)**
- Cuntas teiste an bhaile go dtí seo maidir le hathnuachan faoi stiúir na hoidhreachta, a mhéid a chomhlíonann an t-iarratas aidhmeanna an TBS, agus a mhéid is dócha go gcuirfidh sé**go suntasach** le hathnuachan an bhaile atá faoi stiúir na hoidhreachta **(20%)**
- Caighdeán an tionscadail/na dtionscadal a mholtar **(20%)**
- Conas a chothódh an tionscadal athsheasmhacht i dtimpeallacht thógtha an bhaile le cur ar a cumas éifeachtaí an athraithe aeráide a sheasamh **(15%)**
- Pobal bríomhar gafa a thacódh le cur i bhfeidhm an Tionscnaimh a bheith ann**(15%)**

## Cad iad na Bailte atá Incháilithe?

Tá bunús stairiúil ag gach baile in Éirinn, beagnach. Ba chóir go mbeadh sócmhainní cultúrtha agus oidhreachta suntasacha ag baile atá ag iarraidh leas a bhaint as **TBS** agus go mbeadh ómós suaithinseach áite aici. Áirítear ar na bailte stairiúla iad siúd a bunaíodh sa ré mheánaoiseach agus roimh an ré mheánaoiseach, bailte na plandála, bailte eastát pleanáilte agus bailte a bunaíodh thart ar thionscail áitiúla.

Níl lárionaid uirbeacha atá ainmnithe mar Limistéir Athghiniúna Speisialta faoi Thionscnamh na Cathrach Beo incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh.

## Cad iad na hOibreacha atá Incháilithe?

1. Oibreacha caipitil chun oidhreacht an bhaile a dheisiú agus a fheabhsú ar aon dul le clár atá measúnaithe ag Grúpa Stiúrtha Náisiúnta TBS agus atá ceadaithe ag an gComhairle Oidhreachta. Is féidir go n-áireofar leo sin na nithe seo a leanas:
    - Tionscadail athnuachana atá faoi stiúir na hoidhreachta a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach thuas agus atá deartha agus curtha i bhfeidhm ag údaráis áitiúla
    - Tionscadail a spreagann úinéirí príobháideacha agus/nó áititheoirí infheistiú in oibreacha agus deisiúcháin atá cuí agus faoi stiúir an caomhantais agus chun achar urláir folamh i bhfoirgnimh stairiúla a thabhairt ar ais chun úsáide
    - Tionscadail a thugann aghaidh ar dhearóiliú agus ar fhoirgnimh fholmha, caomhnú foirgneamh sainchomhartha, cothabháil fheabhsaithe agus feabhsuithe ginearálta ar shráid-dreacha, agus oibreacha ríochta poiblí atá faoi stiúir an chaomhantais a spreagann infheistíocht ó fhoinsí eile
    - Tionscadail a chothódh athsheasmhacht i dtimpeallacht thógtha stairiúil an bhaile le cur ar a cumas éifeachtaí an athraithe aeráide a sheasamh
    - Tionscadail chun carachtar i Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) a choinneáil agus a fheabhsú agus a chuirfidh luach agus ainmniú LCA chun cinn.
2. Caithfidh gach obair dheontaschúnta faoin TBS meas a léiriú ar charachtar agus ar shainspéis foirgneamh aonair agus ar oidhreacht an bhaile i gcoitinne.
3. Caithfidh oibreacha a bheith de réir na bprionsabal dea-chleachtais atá in *Cosaint Oidhreachta Ailtireachta - Treoir d'Údaráis Phleanála* (2011) agus sna himleabhair iomchuí i Sraith Chomhairle *na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta*.
4. Ní mór na ceanglais uile le haghaidh chosaint na hoidhreachta a chomhlíonadh – lena n-áirítear oidhreacht nádúrtha, seandálaíochta agus ailtireachta.
5. I gcás go n-iarrfar maoiniú deontais chun foirgnimh fholmha a chaomhnú agus a athúsáid, cuirfear eolas ar fáil maidir le húsáid bheartaithe inbhuanaithe sa todhchaí.

## Conas Iarratas A Dhéanamh

Ní ghlacfar le hiarratais ach ó údaráis áitiúla amháin. Ní mór iarratais a dhéanamh trí chóras bainistíochta deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta **anseo**. Ní ghlacfar le hiarratais ar chóip chrua nó ar ríomhphost.

**Tabhair faoi deara, le do thoil gur tugadh Córas Deontas Ar Líne nua isteach i 2024.** Mura bhfuair tú maoiniú deontais i 2024 beidh ort clárú ar dtús sular féidir leat iarratas a thosú. Tá treoracha suite **anseo**.

## Cad a Tharlóidh Ansin?

- Reáchtálfaidh an Chomhairle Oidhreachta seimineár gréasáin **Déardaoin an 16ú Eanáir 2025** do phearsanra údaráis áitiúil a bhfuil suim acu iarratas a dhéanamh ar TBS 2025.
- Is é an spriocdháta chun iarratais ar líne a fháil ná **5 i.n. Dé hAoine an 14ú Feabhra 2025**. Ní bhreithneofar iarratais a gheofar tar éis an dáta seo.
- Cuirfidh an Chomhairle Oidhreachta an toradh ar an measúnú in iúl d'iarrthóirí tar éis faomhadh na Comhairle Oidhreachta **go luath i mí an Mhárta 2025**.

## Maoiniú Deontais a Aisghabháil

Ní mór dámhachtainí deontais a aisghabháil ón gComhairle Oidhreachta sa bhliain féilire 2025 (Seachas na tionscadail atá ceadaithe lena reáchtáil thar 2 bhliain). Caillfear aon chistí nach mbeidh éilithe faoi dheireadh na bliana.

Ní mór don údarás áitiúil na hoibreacha a chur i gcrích agus a dheimhniú sular féidir maoiniú deontais a aisghabháil. Ní mór tuarascáil ina mionsonraítear na hoibreacha arna ndéanamh a bheith sínithe ag an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta nó ag an Oifigeach Oidhreachta nó ag ball d'fhoireann ghairmiúil an údaráis áitiúil a bhfuil freagracht air/uirthi as maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal. Ní mór cruthúnas íocaíochta a bheith ag gabháil leis seo, is é sin, litir shínithe ón Stiúrthóir Airgeadais agus ón Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha ina sonraítear gur caitheadh an t-airgead a éilíodh.

Níl Cáin Bhreisluacha (CBL) incheadaithe faoin scéim seo ach amháin don chuid sin de na hoibreacha caipitil atá á maoiniú agus i gcúinsí nach bhfuil CBL den sórt sin in-aisghabhála faoin scéim seo ar aon mhodh eile agus sna cúinsí sin amháin.

Déantar aisghabháil tríd an bpróiseas íocaíochtaí ar líne ar chóras bainistíochta deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta. **Is é Dé hAoine an 14 Samhain 2025 an dáta chun na héilimh deiridh a chur isteach chuig an gComhairle Oidhreachta agus chun tuairisciú di**.

## Riachtanas Maoinithe Meaitseála

Tá gá le maoiniú meaitseála de **20% ar a laghad de chaiteachas iomlán an tionscadail** do gach tionscadal a mhaoinítear.

Sa chás go bhfuil foirgneamh faoi úinéireacht údaráis áitiúil is féidir an ceanglas maidir le maoiniú meaitseála de 20% a shásamh ó acmhainní airgeadais an údaráis áitiúil. Féadfar ranníocaíochtaí comhchineáil (m.sh, an t-am ar tuarastal arna chaitheamh ag pearsanra a mhaoinítear go poiblí) ón údarás áitiúil a lua mar ranníocaíocht ach is gá go mbeadh sé seo de bhreis ar an maoiniú meaitseála amháin (is é sin, ní fhéadfar ranníocaíochtaí comhchineáil ón údarás áitiúil a chur san áireamh san íos-mhaoiniú meaitseála de 20%). Tá gá le deimhniú maidir le ceadú maoiniú meaitseála ón údarás áitiúil ag leibhéal an Stiúrthóra Seirbhíse ag céim an iarratais.

I gcás go maoineofar tionscadal TBS freisin faoi scéimeanna deontais eile arna maoiniú ag an Státchiste nó ag an AE, ní fhéadfaidh iomlán carnach an mhaoinithe sin 80% de chostas iomlán an tionscadail a shárú. Ní mór aon mhaoiniú deontais TBS a chuirtear ar fáil d'údarás áitiúil a fhaightear ar ais ina dhiaidh sin ón úinéir/áititheoir faoi fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt a aisíoc leis an gComhairle Oidhreachta.

Beidh gá le tuarascálacha eatramhacha ar dhul chun cinn. I gcás nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach le feiceáil sna tuarascálacha seo, forchoimeádann an Chomhairle Oidhreachta an ceart, ar chomhairle a fháil ó Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta TBS, chun maoiniú a ath-leithdháileadh ar thionscadail cheadaithe TBS eile.

## Acmhainní Úsáideacha

Foilseachán de chuid na Comhairle Oidhreachta *"Ballybrilliant": athnuachan faoi threoir oidhreachta 5 bhaile Éireannach* (2018) atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta **anseo**.

Tá eolas ar chás-staidéir le fáil i bhfoilseachán Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann *Áiteanna Bríomhara a Chruthú: treoir bailte agus sráidbhailte an RIAI* **anseo** agus san fhoilseachán *Sean-teach, Baile Nua* **anseo**.

Tá méid mór stoic foirgneamh tearcúsáidte inár lárionaid uirbeacha. Ba chóir athúsáid íogair a leithéid de spás urláir ar leibhéal na talún agus ar urláir íochtaracha a spreagadh. Maidir leis sin, dírítear aird ar an bhfoilseachán *Tithe a Thabhairt Ar Ais: Lámhleabhar d'athúsáid foirgneamh atá ann cheana* **anseo**.

*Lár an Bhaile ar dTús: cur chuige beartais do bhailte na hÉireann* (2022) **anseo**.




Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

**Teil:** +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

**www.heritagecouncil.ie**

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council